



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022
Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

RANG A HAON & A DÓ/P3 & P4

23 Eanáir – 30 Eanáir 2022





An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
Rúndiamhair Dé - Gearrann na Críostaithe fíor na croise orthu féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. - Is é Dia ár gcruthaitheoir grámhar (Gein 1:26–7). - Is é Dia an mhaith (Salm 116:1). - Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm 139). - Is é Dia mo chara. Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta - Baineann slí mhaireachtála an pharóiste le cúram, roinnt agus guí lena chéile (CCC 2179; CSRE 2a). - Áit ar leith é an séipéal ina gcuinníonn daoine lena chéile le bheith ag guí. - Cabhraíonn ár muintir linn a bheith mar chairde Íosa. - Cabhraíonn an sagart/oide linn a bheith mar chairde Íosa. (LG 10).	An Scrioptúr Naofa
Liotúirge agus Urnaí	An Mhoráltacht Chríostaí
Urnaí - Glaonn Dia chun urnaí muid agus tugaimid freagairt air. - Éistean Dia i gcónaí lenár nguí. - Is é an séipéal teach Dé, an áit ina gcuinnímid lena chéile mar chlann Dé (CCC 1180; LG 6; 1 Tiomóid 3:15). - Cruinníonn clann Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le ceiliúradh agus urnaí a dhéanamh (CCC 1069–71, 2179). - Áit naofa é an séipéal agus bailíonn daoine isteach ann le guí a dhéanamh agus le labhairt le Dia CCC 1181).	Dínit an Duine - Tá grá ag Dia don uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10–11; CSRE 3a). - Is duine speisialta ar leith mise, toisc gur chruthaigh Dia mé. (CCC 1004; Gein 1:26–7; Salm 137:14). - Iarrtar orm Dia agus daoine eile a ghrá. (Matha 22:36–40). - Is duine speisialta ar leith an uile dhuine, dar le Dia (CCC 225, 356–61, 369, 1604, 1700–01, 1944–46, 2319, 2334; CSRE 3a).





An Luan – Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht le Dia

24 Eanáir 2022



Smaoinigh:

Táimid ar fad éagsúil óna chéile. Is daoine speisialta leithleacha sinne. Beirtear sinn agus buanna agus tallanna éagsúla againn. Cad iad na tallanna a bheadh againne? Baineann tallann le cúrsaí spóirt, leis na healaíona, le ceol, le Mata, le scríobh agus le réimse leathan ábhair eile.

Is daoine speisialta leithleacha sinne ar fad sa scoil Chaitliceach, agus iarrtar orainn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh. Ciallaíonn sé seo go bhfoghlaímimid i dteannta a chéile, agus go bhfoghlaímimid chomh maith go gcaithfear a bheith lách lena chéile, go bhfuil sé de cheart ag cách go ndéanfaí cúram díobh, is cuma cé hiad nó cad as ar tháinig siad.

Pléigh:

Gránn Dia muid, agus ba mhaith leis go mbeimis ag maireachtáil ar nós Íosa inár smaointe, i bhfocail agus i ngníomh. Iarr na daltaí machnamh a dhéanamh faoin mbealach ina bhféadfaí maireachtáil ar nós Íosa, agus déileáil i gceart lena chéile inár gcuid smaointe, inár mbriathra, agus i ngníomh.

Nuair a léirímid grá agus cineáltas dá chéile, bímid chomh maith agus is féidir linn a bheith.

Gníomhaíocht:

D'fhéadfaí an t-amhrán 'God's Love is so Wonderful' a chanadh sa seomra ranga. Is bealach éasca é seo le míniú a thabhairt faoin ngrá ollmhór atá ag Dia dúinn, agus faoin mbealach ina mbeirtear gach duine againn le tíolachtaí agus le tallanna éagsúla. Tá físeán a ghabhann leis an amhrán ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=Ju38Sdc2cSg>.

D'fhéadfadh na páistí pictiúir a tharraingt agus a dhathú a léiríonn tallann mhaith atá acu, nó iad ag glacadh páirte i gcaitheamh aimsire a thaitníonn leo.





An Mháirt – Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht lena Chéile



25 Eanáir 2022

Smaoinigh:

Baineann gach duine againn le teaghlach áirithe, agus is aoibhinn linne cairde a bheith againn. Is féidir linn a bheith mar bhaill de chlubanna nó a bheith ar fhoirne spóirt.

Iarrtar orainn sa scoil Chaitliceach seo a bheith cabhrach agus lách lena chéile. Ba cheart go mothódh an uile dhuine againn go bhfuil fáilte romhainn anseo, go bhfuil áit anseo dúinn, agus go dtabharfar aire cheart anseo dúinn. Pobal atá anseo againne, áit ina n-iarrtar orainn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh. Déantar a leithéid trí thacú lena chéile, trí bheith cuimsitheach inár gcuid smaointe, i mbriathra agus i ngníomh.

Déanaimid grá Dé don uile dhuine againn a cheiliúradh inniu, agus gur chruthaigh sé gach aon duine againn mar phearsa leithleach speisialta. Cuirtear ar an saol muid le bheith ag comhoibriú lena chéile agus le barr feabhais a chur orainn féin.

Pléigh:

Meabhraigh do na daltaí go bhfuil grá ar leith ag Dia don uile dhuine againn. Bronnann Dia tíolacthaí orainn mar dhaoine ar leith, buanna gur féidir linn iad a roinnt leis an saol. Is féidir na buanna agus na tallanna atá againn a úsáid le domhan feabhsaithe níos cineálta a thógáil.

Conas mar is féidir na buanna agus na tallanna atá againn a úsáid le timpeallacht na scoile a fheabhsú? Déan ransú smaointe leis na páistí maidir leis na gníomhartha atá idir lámha, nó an straitéis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm, a bheith ag súgradh sa chlós le daoine eile mar shampla, páistí eile a mholadh, ceiliúradh a dhéanamh nuair a éiríonn go maith linne nó le daoine eile, labhairt agus feidhmiú go cineálta ar scoil.

Gníomhaíocht:

Iarr ar na daltaí trí rudaí maithe a dhéanann siad, nó go mbaineann siad taitneamh astu a scríobh sa chóipleabhar. Ansin d'fhéadfaí a iarraidh orthu cúpla rud deimhneach, nó cúpla rud a thaitníonn leo faoi dhalta eile sa rang a scríobh síos.





An Chéadaoin – (Lá na Seantuismitheoirí) Ceiliúradh a Dhéanamh ar an Athaontú



26 Eanáir 2022

Smaoinigh:

Tá iliomad saghsanna éagsúla ghrá ann. Bíonn grá áirithe ag na tuismitheoirí agus ag na seantuismitheoirí dúinn. Bíonn grá againne do na rudaí a thaitníonn linn.

Nuair a bhíonn grá againn do rud éigin ciallaíonn sé go bhfuil meas mór againn air, agus gur rud luachmhar dúinne atá ann. Foghlaimimid mar phobal na scoile Caitlicí go ngránn Dia go mór muid, agus gur mhaith leis go gcuirfimis aithne air agus é féin a ghrá chomh maith. Fiú amháin má dhéanaimid meancóga nó rudaí áifeiseacha, ní bhainfidh Dia a chuid grá dínn.

Tugann an parabal 'An Mac Drabhlásach' léargas dúinn ar an ngrá domhain gan teorainn atá ag Dia don uile dhuine againn. Déanaimid gach aon iarracht grá mar sin a léiriú inár saol féin.

Bealach amháin inar féidir linn aithne a chur ar Dhia agus é a ghrá ná trí bheith ag guí chuige.

Pléigh:

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar dhaoine nó ar rudaí a ghránn siad. Is féidir plé a dhéanamh i mbeirteanna. Tabhair noda más gá – baill teaghligh mar shampla. Is féidir liosta a scríobh ar an gclár bán.

Pléigh an grá atá againn do na tuismitheoirí agus do na seantuismitheoirí, agus an grá atá acusan dúinne. Caithimid am lena chéile. Bímid cineálta lena chéile. Téimid áiteanna i dteannta a chéile. Déanaimid ceiliúradh ar ócáidí ar leith. Déanaimid an pósadh agus an Chéad Chomaoín a cheiliúradh ag an séipéal, agus bímid i láthair ag ócáidí brónacha ar nós na sochraidí chomh maith. Léirimid an grá atá againn dá chéile trí bheith ag tacú lena chéile ar ócáidí mar sin.

Tugtar 'An Mac Drabhlásach' ar pharabal nó scéal áirithe a dúirt Íosa. Tá físeán in oiriúint do pháistí ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=DJgROx4wFKM>.

Ní chuirfear deireadh riamh le grá Dé dúinn. Uaireanta déanaimid an rogha mhícheart agus droim láimhe a thabhairt le grá Dé, ach cuirfidh Dia fáilte ar ais romhainn i gcónaí, má theastaíonn uainn filleadh air. Gránn Dia muid agus gráfaidh i gcónaí. Cabhraíonn an urnaí linn a bheith ag labhairt le Dia, an té a éistean i gcónaí linn. Pléigh na paidreacha a fhoghlaimíonn na daltaí, Urnaí na Maidine mar shampla.


Gníomhaíocht:

Dathaigh an leathanach a léiríonn an Mac Drabhlásach ag filleadh ar an mbaile.

Scríobh liostaí gearra de na daoine a gcuirfidís paidir ar a son, nó tarraing pictiúir den mhuintir mhuirneach ar mhaith leo guí ar a son.

Ina dhiaidh sin d'fhéadfaí urnaí chiúin a dhéanamh. Nuair a bhímid ag urnaí is féidir guí os ard, ach is féidir urnaí a dhéanamh chomh maith trí bheith ag éisteacht go ciúin leis an análú, agus ag smaoineamh ar Dhia nó ar na daoine sin a mbeadh cabhair Dé de dhíth orthu. Is féidir labhairt go ciúin le Dia agus a iarraidh air aire a thabhairt don mhuintir mhuirneach.







Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh



CÁRTA POIST



An Déardaoin – Saol le hiontas a Chaitheamh



27 Eanáir 2022

Smaoinigh:

Ar tharla riamh go bhfaca tú rud a chuir iontas ort? Má chaithimid saol le hiontas ciallaíonn sé go mbímid ag breathnú ar an domhan mar áit thar a bheith speisialta, mar áit aoibhinn a chuireann iontas orainn.

Spreagtar sa scoil Chaitliceach muid, le breathnú ar an domhan mar áit aoibhinn iontach. Cad iad na rudaí ar an saol a dhéanann sona muid, nó a chuireann iontas orainn?

Pléigh:

Breathnaigh ar an bhfíseán a rinne David Attenborough maidir le hiontas an tsaoil seo: <https://www.youtube.com/watch?v=auSo1MyWf8g>. Pléigh na híomhánna a thaitin leo, agus na fáthanna le gur thaitin siad chomh mór sin leo.

Is í an chruinne cuid den domhan mór a chruthaigh Dia, agus baineann tábhacht leis an áit a bheith glan sláintiúil againn. Déan plé maidir leis na rudaí gur féidir leis an bpobal a dhéanamh leis an áit seo a choimeád mar áit aoibhinn álainn.

Cuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn sa litir *Laudato Si'*, gur féidir linne an comhshaol a loit má bhímid míchúramach. Tá an aeráid ag athrú i gcónaí, tá leibhéal na farraige ag ardú, tá saghsanna áirithe ainmhithe agus plandaí i mbaol, nó ar tí a bheith i mbaol. Tá sé de dhualgas orainne comhoibriú lena chéile le haire ceart a thabhairt do gach ar chruthaigh Dia.


Ní ceart a bheith ag caitheamh bruscair, nó fáil réidh le rudaí a d'fhéadfaí athchúrsáil a dhéanamh orthu. Ní ceart uisce nó leictreachas a chur amú. Déan ransú smaointe maidir leis na rudaí a dhéanfadh an rang leis an domhan a choimeád mar áit aoibhinn iontach.

Gníomhaíocht:

Críochnaigh an leathanach dathúcháin maidir le haire a thabhairt don domhan, agus roghnaigh sprioc seachtainiúil don rang a chabhródh leis an scoil, an baile, an paróiste a choimeád mar áiteanna sona glan. Cruthaigh póstaer amháin sa rang a thabharfadh noda maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus maidir le laghdú, le hathúsáid agus le hathchúrsáil a dhéanamh inár saol féin.

.







An Aoine – Saol a Chaitheamh agus Dóchas Againn sa Todhchaí



28 Eanáir 2022

Smaoinigh:

Tugann Aiséirí Íosa le fios dúinn go bhfuil grá Dé chomh láidir san, nach féidir leis an mbás féin é a sháru.

Mar phobal na scoile Caitlicí, bímid ag súil leis an Aiséirí, rud atá mar chomhartha ghrá Dé dúinn.

Múineann scéalta Íosa dúinn a bheith dóchasach, ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí, a bheith cineálta leis an duine eile, agus maireachtáil in éineacht lena chéile mar phobal a ghránn Dia.

Nuair a chloisimid an parabal ‘An Seachránáí Caorach’ cuirimid ár ndóchas i ngrá Dé, go mbíonn sé ar fáil don uile dhuine againn.

Pléigh:

Meabhraigh do na páistí méid an ghrá atá ag Dia don uile dhuine againn. Fiú má dhéanaimid rudaí áiféiseacha, nó an rogha mhíchearta a ghlacadh, ní thugann Dia droim láimhe linn. Cén uair a léirimid grá Dé inár ngníomhartha féin? Cén uair nach léirimid grá Dé? Is féidir obair a dhéanamh i bpéirí nó i ngrúpaí leis na freagraí a lorg. Scríobh na torthaí ar an gclár bán.



Léiríonn parabal/scéal Íosa ‘An Seachránáí Caorach’ méid an ghrá atá ag Dia dúinn. Tá físeán den scéal seo ar fáil ag: https://www.youtube.com/watch?v=_Ry2MaMyvGo.



Bímid dóchasach de bharr an scéil seo go mbeidh grá Dé i gcónaí ar fáil dúinn, agus gur féidir linn teacht i ngiorracht Dé trí mhúineadh Íosa a leanúint. Léirimid an teagasc seo trí aire ghrámhar a thabhairt dúinn féin, don duine eile, agus don domhan mórthimpeall orainn. Má bhímid ag feidhmiú ar an mbealach san, beidh Ríocht Dé ar talamh á thógáil againn, áit ina mbíonn fáilte roimh chách.

Gníomhaíocht:

Críochnaigh an bhileog oibre maidir leis an seachránáí caorach.

Is féidir teachtaireacht an dóchais a cheiliúradh trí chanadh in éineacht leis na hamhráin thíosluaite, nó trí amhrán a d’fhoghlaim siad ón leabhar *I nGrá Dé* a chanadh.

This Little Light of Mine: <https://www.youtube.com/watch?v=QCN893hzueQ>. Circle of Friends: https://www.youtube.com/watch?v=cCN1W_Re34s.



